An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills

Ciorclán 0034/2019

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bunscoileanna Aitheanta agus
chuig Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna (BOO)**

Athbhreithniú ar Rátaí Deontais Chaipitíochta do Bhunscoileanna Aitheanta in 2019

1. Réamhrá

Is é cuspóir an chiorcláin seo na rátaí athbhreithnithe per capita is infheidhme maidir le maoiniú deontais chaipitíochta a leithdháiltear ar Bhunscoileanna aitheanta a leagan amach le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2019.

Tagann an ciorclán seo in ionad Chiorcláin 0028/2016.

2. Cuspóir an Deontais Caipitíochta

Tá sé i gceist ag maoiniú caipitíochta cuidiú le costais reatha scoileanna ó lá go lá agus dá bhrí sin ba chóir é a úsáid le híoc as costais nithe mar théamh, soilsiú, glanadh, árachas agus cothabháil ghinearálta i scoileanna. Ba chóir freisin a thabhairt faoi deara go bhfuil sé i gceist go n-úsáidfidh scoileanna cion den deontas chun cabhrú le ceannach ábhar agus acmhainní teagaisc.

D'fhéadfaí breathnú ar mhaoiniú caipitíochta a sholáthraítear do chostais reatha agus ar mhaoiniú coimhdeach a sholáthraítear do sheirbhísí airíoch agus rúnaíochta mar dheontas comónta óna bhféadfaidh an Bord Bainistíochta leithdháileadh de réir a thosaíochtaí féin. Féach Ciorclán 0040/2009 le haghaidh tuilleadh eolais atá ar fáil ag https://www.education.ie/ga/Circláin-agus-Foirmeacha/Ciorcláin-Gníomhacha/cl0040_2009_ir.pdf

Tá sé i gceist ag an deontas Seirbhísí Coimhdeacha freastal ar chostas seirbhísí rúnaíochta agus airíoch. Tá mionsonraí maidir leis an deontas seirbhísí coimhdeacha leagtha amach i gciorclán ar leith a fhoilsítear ar shuíomh gréasáin na Roinne.

3. Rátaí an Deontais Caipitíochta

3.1. Rátaí Caighdeánacha Caipitíochta

Is é €179 an ráta caighdeánach deontais in aghaidh an dalta príomhshrutha don scoilbhliain 2019/2020, le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2019.

3.2. Rátaí Caipitíochta Breisithe – Scoileanna Speisialta agus ranganna speisialta atá ceangailte le scoileanna príomhshrutha

Íoctar rátaí caipitíochta breisithe i gcás scoileanna speisialta agus ranganna speisialta atá ceangailte le scoileanna príomhshrutha chun cuidiú leis na costais bhreise a bhaineann le costais reatha na seomraí ranga ina gcuirtear sainsoláthar ar fáil do líon beag daltaí. Braitheann na rátaí seo ar an leibhéal riachtanais ar leith atá i gceist. Cuimsíonn na rátaí luaite thuas an ráta príomhshrutha.

Tá na rátaí deontas athbhreithnithe ar fáil ag Aguisín A.

4. An Modh chun deontas caipitíochta a ríomh

Íoctar an deontas caipitíochta foriomlán bunaithe ar rolluithe reatha na scoilbhliana i mí Mheán Fómhair agus íoctar é in dhá thráthchuid, Eanáir agus Meitheamh gach bliain.

Nóta: Tá an deontas a íoctar le scoileanna beaga bunaithe ar rollú íosta de 60 dalta príomhshrutha.

4.1. An Chéad Tráthchuid - Eanáir

Tá an chéad tráthchuid bunaithe ar 70% de rolluithe na scoilbhliana roimhe seo.

4.2. An Dara Tráthchuid – Meán Fómhair

Déantar an dara tráthchuid a ríomh i mí an Mheithimh ag baint úsáid as na rolluithe scoilbhliana reatha leis an teidlíocht deontais fhoriomlán don bhliain a chinneadh. Ansin laghdaítear é sin de réir luach na chéad tráthchoda a íocadh i mí Eanáir.

4.3. Socruithe do 2019

Bhí an chéad tráthchuid den deontas a íocadh in 2019 bunaithe ar 70% de na rolluithe i mí Mheán Fómhair 2017 agus an ráta caighdeánach in aghaidh an duine de €170 an dalta príomhshrutha. Beidh an dara tráthchuid atá le híoc i mí an Mheithimh 2019 bunaithe ar an ráta athbhreithnithe per capita de €179 in aghaidh an dalta príomhshrutha agus beidh sé sin iníoctha le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2019.

Tá samplaí a léiríonn ríomh na n-íocaíochtaí Deontas Caipitíochta dá dtagraítear thuas le feiceáil in Aguisín B.

5. Scaipeadh an Chiorcláin seo agus Ceisteanna

Cinntigh le do thoil go gcuirfear an Ciorclán seo faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta agus Chumann na dTuismitheoirí (más ann dó).

Ba chóir ceisteanna ó scoileanna maidir leis an gCiorclán seo a chur faoi bhráid Rannán Airgeadas na Scoileanna ag sdfinfo@education.gov.ie.

Tom Deegan
Príomhoifigeach
Rannán Airgeadas na Scoileanna

Bealtaine 2019

Aguisín A

Rátaí don Scoilbhliain 2019/2020

Catagóir	01/09/2019 Faoi bhun 12 bhliain d'aois €	01/09/2019 12 bhliain d'aois agus níos sine €
a) Ráta Príomhsrutha	179	179
b) Scoileanna Náisiúnta arna gcothabháil ag OOP	71.60	71.60
b) Scoileanna Lan Ghaeilge	202	202
Rátaí feabhsaithe do Scoileanna Speisialta agus ranganna speisialta ceadaithe atá ceangailte le scoileanna príomhshrutha		
Lagú Amhairc	828	828
Lagú Éisteachta	828	828
Faoi Ollbhodhaire	849	849
Míchumas Foghlama Ginearálta Éadrom (Scoil Phríomhshrutha)	445	659
Míchumas Foghlama Ginearálta Éadrom (Scoil Speisialta)	553	828
Míchumas Foghlama Ginearálta Meánach	828	828
Míchumas Foghlama Ginearálta Dian/ Trom	849	849
Sain-Mhíchumas Foghlama (Scoil Phríomhshrutha)	445	659
Sain-Mhíchumas Foghlama (Scoil Speisialta)	553	828
Suaitheadh Mothúchánach	828	828
Diansuaitheadh Mothúchánach	849	849
Míchumas Fisiciúil	828	828
Uathachas/Neamhoird ar Speictream an Uathachais	849	849
Sain-Neamhord Teanga agus Urlabhra	828	828
Roinnt Cineálacha Míchumais	849	849
Leanaí den Lucht Siúil	249	249
Leanaí den Lucht Siúil	849	849
Idirghabháil luath ASD	849	849

Áirítear an ráta príomhshrutha sna rátaí luaite thuas

Nóta: Tá rátaí breisithe caipitíochta iníoctha i leith daltaí a fhreastalaíonn ar scoileanna speisialta agus ar ranganna speisialta atá ceangailte le scoileanna príomhshrutha d'fhonn cabhrú leis na costais bhreise a bhaineann le costais reatha seomraí ranga beaga ina gcuirtear sainsoláthar ar fáil do líon beag daltaí.

Aguisín B – Samplaí a léiríonn ríomh íocaíochtaí Deontais Chaipitíochta do 2019 and 2020.

1. Sampla 1 – Ríomh deontais chaipitíochta do 2019.

Bhí an tráthchuid Eanáir 2019 bunaithe ar 70% de na rolluithe 30/09/17
Tá an tráthchuid Meitheamh 2019 bunaithe ar na rolluithe 30/09/18 lúide an íocaíocht a fuarthas i dtráthchuid Eanáir.

1.1	**Rátaí Caipitíochta do 2019**	
(i)	Rátaí in aghaidh an dalta príomhshrutha le héifeacht ó 1/1/19	€170.00
(ii)	Rátaí in aghaidh an dalta príomhshrutha le héifeacht ó 1/9/19	€179.00
1.2	**Tráthchuid Eanáir 2019**	
(iii)	Rollú daltaí príomhshrutha 30/9/17	120
(iv)	Ráta in aghaidh an dalta príomhshrutha	€170
(v)	(€170 x 120 daltaí príomhshrutha) X 70%	€14,280.00
(vi)	**Iomlán iníoctha i dtráthchuid Eanáir**	**€14,280.00**
1.3	**Tráthchuid Meitheamh 2019**	
(vii)	Rollú daltaí príomhshrutha 30/9/18	130
(viii)	Ráta in aghaidh an dalta príomhshrutha ó 1/1/19-31/8/19 (8 mí)	€170
(ix)	Ráta in aghaidh an dalta príomhshrutha ó 1/9/19 - 31/12/19 (4 mhí)	€179
(x)	(€170 x 130 daltaí príomhshrutha) ar feadh 8 mí	€14,733.33
(xi)	€179 x 130 daltaí príomhshrutha) ar feadh 4 mhí	€7,756.67
(xii)	Caipitíocht Bhliantúil fhoriomlán iníoctha in 2019	€22,490.00
(xiii)	Lúide tráthchuid Eanáir ag (vi) thuas	€14,280.00
(xiv)	**Iomlán iníoctha i dtráthchuid Meitheamh 2019**	**€8,210.00**

2. Sampla 2 – Ríomh deontais chaipitíochta do 2020

Tá an tráthchuid Eanáir 2020 bunaithe ar 70% de na rolluithe 30/09/18
Tá an tráthchuid Meitheamh 2020 bunaithe ar na rolluithe 30/09/19 lúide an íocaíocht a fuarthas i dtráthchuid Eanáir.

2.1	**Rátaí Caipitíochta do 2020**	
(i)	Ráta in aghaidh an dalta príomhshrutha le héifeacht ó 1/9/19	€179.00
2.2	**Tráthchuid Eanáir 2020**	
(ii)	Rollú daltaí príomhshrutha 30/9/18	120
(iii)	Ráta in aghaidh an dalta príomhshrutha	€179
(iv)	(€179 x 120 daltaí príomhshrutha) X 70%	€15,036.00
(v)	**Iomlán iníoctha i dtráthchuid Eanáir 2020**	**€15,036.00**
2.3	**Tráthchuid Meitheamh 2020**	
(vi)	Rollú daltaí príomhshrutha 30/9/19	130
(vii)	Ráta in aghaidh an dalta príomhshrutha ó 1/1/19-31/12/19	€179
(viii)	€179 x 130 daltaí príomhshrutha	€23,270.00
(ix)	Caipitíocht Bhliantúil fhoriomlán iníoctha in 2019	€23,270.00
(x)	Lúide tráthchuid Eanáir ag (v) thuas	€15,036.00
(xi)	**Iomlán iníoctha i dtráthchuid Meitheamh 2020**	**€8,234.00**